**IMRAM FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE**
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus gan scairchaipiteal)**

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022**

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 ar fáil.

## PRÍOMHGHNÍOMHACHTAÍ

San iomlán bhí 28 beo-imeacht ag IMRAM i 2022, in amharclanna, i leabharlanna agus i siopaí leabhar. Ina measc bhí seisiún filíochta agus amhránaíochta, seónna ceoil agus imeachtaí ilmheánacha ó bhéal - *Tinte na Farraige Duibhe*, seó ficsean eolaíochta ilmheánach; *Grindr, Saghdar & Cher,* dráma focal labhartha agus téama LGBTQ (LADTA) tríd, agus ceol ón ngrúpa Bandia; agus athstáitsiú ar an Tionscadal Kate Bush: *Port an tSaoil* a raibh an-rath air.

Rinneadh scannánaíocht ar ocht gcinn dár gcuid imeachtaí freisin, ina measc na léamha sa tsraith Fíorbhraon i Books Upstairs; agallamh poiblí le Darach Ó Scolaí; oíche ómóis i gcuimhne ar an scríbhneoir Tomás Mac Síomóin. I measc na scannán a choimisiúnaigh IMRAM do YouTube bhí *Comhrá le Lí He*, filíocht le Gabriel Rosenstock agus anamú gleoite leis an ealaíontóir Conallach Kim Sharkey.

Eagraíodh IMRAM na nÓg i gcomhar le Leabharlann an Lexicon i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus d'fhreastail beagnach 700 páiste ar na ceardlanna agus na seónna. Eagraíodh Guth na hÉigse agus Duais Basho i gcomhar le hÉigse Éireann agus ghlac beagnach 500 déagóir ó 19 scoil thart timpeall an oileáin páirt sa togra BASHO (Haiku), agus ghlac os cionn 100 déagóir páirt sa gcomórtas Guth na hÉigse.

## TORTHAÍ NA BLIANA AGUS STAID CÚRSAÍ AR AN 31 NOLLAIG 2022

Tá an Cuntas Sochair agus Dochair agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 ar leathanaigh 13 go 18. Tá an toradh ó ghnáthghníomhachtaí roimh cháin le léamh sa Cuntas Sochair agus Dochair ar leathanach 13. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 14.

## STIÚRTHÓIRÍ

Is iad seo leanas na stiúrthóirí a bhí ann le linn na bliana:

| | |
|---|---|
| Cathal Póirtéir | (ón 24 Márta 2022) |
| Alan Titley | |
| Fionnuala Ní Dhúgáin | |
| Muiris Ó Fiannachta | (ón 31 Bealtaine 2022) |
| Cormac Ó Dúlacháin | (ón 31 Bealtaine 2022) |
| Liam Ó Maolaodha | (ón 31 Bealtaine 2022) |
| Emma Ní Chearúil | (ón 3 Nollaig 2022) |
| Gráinne Ní Ghillín | (ón 3 Nollaig 2022) |
| Cormac de Barra | (ón 19 Iúil 2023) |
| Bríd Ní Ghruagáin | (go dtí an 7 Meitheamh 2022) |
| Clár Ní Bhuachalla | (go dtí an 27 Iúil 2022) |
| Aoileann Ní Bhroin | (go dtí an 27 Iúil 2022) |
| Ciarán Mac an Bhaird | (go dtí an 3 Nollaig 2022) |

**IMRAM FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE**
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus gan scairchaipiteal)**

**MIONCHUNTAS OIBRIUCHÁIN IONCAIM AGUS CAITEACHAIS**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022**

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | € | € |
| Deontais: | An Chomhairle Ealaíon | 165,990 | 128,498 |
| | - Iarchurtha go 2023 ó 2022 | (52,200) | (37,250) |
| | - Iarchurtha go 2022 ó 2021 | 37,250 | 33,232 |
| | | 151,040 | 124,480 |
| | Foras na Gaeilge – Clár na Leabhar Gaeilge | 42,000 | 42,000 |
| | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 10,000 | 10,000 |
| Poetry Ireland | | 2,000 | 1,000 |
| Ioncam ag na Doirse | | 4,267 | 12,104 |
| Leagáid | | - | 200 |
| | | 209,307 | 189,784 |
| **Caiteachas:** | | | |
| Cíos - ionad | | 4,516 | 200 |
| Árachas | | 411 | 371 |
| Tuarastail | | 81,181 | 49,972 |
| Préimheanna Pinsin | | 832 | - |
| Tograí | | 51,585 | 53,486 |
| Taisteal, Lóistín, Féilteachas | | 8,733 | 3,556 |
| Fuaim, Trealamh ar Chíos | | 17,748 | 400 |
| Fógraíocht, Poiblíocht, Clódóireacht, Dearadh | | 33,687 | 11,812 |
| Taighde, Aistriúcháin, Ilchostais | | 5,254 | 4,725 |
| Grianghraif, Taifid | | 4,095 | 1,350 |
| Costais Oifige | | 4,871 | 3,326 |
| Iniúchadh, Cuntasaíocht | | 6,458 | 5,228 |
| Meáin Sóisialta | | 7,777 | 7,980 |
| Costais Bainc | | 326 | 332 |
| Suíomh Idirlín | | - | 15,802 |
| Comhairle | | - | 7,000 |
| Eagarthóireacht | | - | 770 |
| | | 227,474 | 166,310 |
| **(Easnamh)/farasbarr na bliana** | | (18,167) | 23,474 |